

# Tuarascáil Bhliantúil

## 2023/2024

—  
28 Márta 2023 - 27 Márta 2024



# Forléargas:



9

Fiosrúcháin um Fheidmiúlacht chun Múineadh déanta.



6,873

múinteoir i mbun Droichead.



7,755

duine nua curtha leis an gClár.



3

chinneadh smachtbhanna atá deimhnithe ag an Ard-Chúirt (baineadh den chlár iad ar fad).



20

tionscadal taighde a maoiníodh.



48,145

múinteoir a ndearnadh grinnfhiosrúchán orthu.



58

gearán maidir le feidhmiúlacht chun múineadh faighte.



122,743

múinteoir cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.



52

clár thar 14 IAOanna ó Shamhain 2021 ar aghaidh faoi Chéim: Caighdeáin d'Oiliúint Tosaigh Múinteoirí.



49

aonach gairme a freastalaíodh orthu ar fud na hÉireann agus Thuaisceart na hÉireann.

# Tuarascáil an Chathaoirligh

## **Tá gairm na múinteoireachta ríthábhachtach d'Éirinn. I measc dul chun cinn tapa teicneolaíochta agus athrú domhanda, múnlaíonn caighdeán an oideachais a chuireann múinteoirí ar fáil todhchaí ár bpobal, ár sochaí agus ár dtíre.**

Tá múinteoirí lárnach inár gcóras oideachais, áit a bhfuil níos mó i gceist lena ról ná eolas a chur ar fáil chun smaointeoireacht chriticiúil agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chothú i measc scoláirí. I bhfianaise a dtionchar as cuimse ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí, tá sé ríthábhachtach caighdeán ghairmiúla sa mhúinteoireacht a sheasamh agus a rialú.

Is mór an onóir dom gur ghlac mé le mo cheapachán mar Chathaoirleach i mí na Bealtaine 2024, tar éis na bpróiseas toghcháin agus ainmniúcháin don Chomhairle agus a comhaltaí a ceapadh ar an 28 Márta 2024. Tá áthas orm mar sin Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle Múinteoireachta a chur i láthair don tréimhse 28 Márta 2023- 27 Márta 2024.

Léiríonn an tuarascáil seo tiomantas leanúnach na Comhairle Múinteoireachta chun feabhas a chur ar chaighdeán ghairm na múinteoireachta in Éirinn agus ag an am céanna dul i ngleic go rialta agus go fiúntach leis na páirtithe leasmhara go léir. Le bliain anuas, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gComhairle ar fud a piléir straitéiseacha; eadhon, clárú agus soláthar múinteoirí, forbairt pobal gairmiúil comhoibríoch, oiriúnacht chun teagaisc

acmhainní corparáideacha agus oibríochtaí inbhuanaithe a chinntiú.

Tá sé ríthábhachtach timpeallacht a chothabháil ina mbraitheann múinteoirí in Éirinn go bhfuil tacaíocht, luach agus spreagadh acu. Tá sé ríthábhachtach múinteoirí a chumhachtú trí chláir agus tionscnaimh a chuireann lena gcruthaitheacht, lena scileanna agus lena gcumas oideachas ardchaighdeán a chur ar fáil.

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta don ghairm agus don ról lárnach inár gcóras oideachais a chur chun cinn. Tá sí fós tiomanta do shármhaitheas sa mhúinteoireacht mar ghairm a chur chun cinn agus a chinntiú go gcomhlíonann an ghairm na caighdeán inniúlachta agus iompair is airde. Tá an tiomantas seo mar bhonn agus mar thaca faoin muinín agus faoin tacaíocht láidir a fhaigheann múinteoirí ó thuismitheoirí, caomhnóirí, teaghlaigh agus pobail ar fud na hÉireann.

Cuirim fáilte roimh Mary Curley mar Leaschathaoirleach, in éineacht le baill nuathofa agus nuacheaptha na Comhairle, agus gabhaim buíochas le gach ball atá ag leanúint ar aghaidh ina ról. Thar ceann na Comhairle, gabhaim buíochas leis an iarChathaoirleach Michelle Keane agus leis an iarLeaschathaoirleach Ann Mulcahy as an obair iontach a rinne maidir le hobair na Comhairle Múinteoireachta le linn a dtréimhse.

Táimid buíoch den Stiúrthóir, an Dr Lynn Ramsey, a foireann bainistíochta agus foireann uile na Comhairle Múinteoireachta as a dtiomantas le bliain anuas. Bhí a dtiomantas lárnach chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Is mian liom buíochas a ghabháil leis na páirtithe leasmhara go léir freisin as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú leanúnach, agus táim ag tnúth le leanúint leis an rannpháirtíocht sin.

I dteannta a chéile, ní mór dúinn a chinntiú go n-aithnítear an mhúinteoireacht in Éirinn go leanúnach mar ghairm atá thar a bheith tábhachtach, chomh maith le gairm bheatha bhriomhar agus thairbheach a ullmhaíonn ár gcuid mac léinn don todhchaí. Agus muid ag obair le chéile, cothóimid creat láidir a thacaíonn le fás gairmiúil múinteoirí agus a fheabhsaíonn eispéiris foghlama na mac léinn ar fud na hÉireann.



*Eamon Dennehy*

**Eamon Dennehy**  
Cathaoirleach

# Tuarascáil an Stiúrthóra

## **Cuimsíonn an tuarascáil bhliantúil seo tréimhse a bhfuil dul chun cinn agus gnóthachtáil thar ár réimse leathan freagrachtaí, oibríochtaí agus gníomhaíochtaí, ag teacht le spriocanna leanúnacha ár bPlean Straitéisigh (2022-2027).**

Tá leas an phobail lárnach inár ról a bhaineann le clárú reachtúil agus grinnfhiosrúchán reachtúil os cionn 122,500 múinteoir, caighdeáin ghairmiúla a rialáil agus cosaint leanaí, daoine óga agus foghlaimoirí leochaileacha a chinntiú.

Tá tuilleadh dul chun cinn déanta againn maidir le héifeachtúlacht ár bpróiseas a fheabhsú. Áirítear leis sin próiseáil níos tapúla agus níos éifeachtúla ar riachtanais chlárúcháin, athnuachana agus ghrinnfhiosrúcháin, rud a fhágann go mbeidh laghduithe breise ar amanna próiseála chun tacú le soláthar múinteoirí.

Leanamar ar aghaidh lenár gcreidiúnú dara sraithe de chlár bhunscoile agus iar-bhunscoile d'Oiliúint Tosaigh Múinteoirí ag faomhadh 40 clár faoinár gcaighdeáin Céim. Tá athbhreithniú déanta anois ar 52 clár ar fud 14 Institiúid Ardoideachais (IAOanna) ó mhí na Samhna 2021.

Chríochnaíomar cur i bhfeidhm iomlán Droichead mar an t-aon bhealach ionductaithe do Mhúinteoirí Nua Cháilithe (MNCanna) agus chuireamar ár n-athbhreithniú náisiúnta ar chreat Droichead chun cinn chun a chinntiú go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais athraitheacha na gairme. Le faomhadh ón Aire Oideachais, leasaíodh Rialacháin Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta chun ligean do mhúinteoirí faoi oiliúint cur isteach ar chlárú go luath.

I gcomhar leis an Roinn Oideachais, sheolamar staidéar taighde ceannródaíoch fadama, *Turais Ghairmiúla Múinteoirí: An Chéad Deich mBliana*. Ar siúl go dtí 2030, tá sé mar aidhm ag an staidéar seo eispéiris luathghairme na múinteoirí a ghabháil ar fud an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais agus an bhreisoideachais. Beidh na léargais a bhailítear mar bhonn eolais do bheartais maidir le hOiliúint Tosaigh Múinteoirí, ionductú agus forbairt ghairmiúil luath ag cinntiú go bhfuil ár gcur chuige bunaithe ar shonraí agus eispéiris ón bhfíorshaol.

Is bunchloch dár gcuid oibre fós é caighdeáin arda iompair agus cleachtais ghairmiúla a sheasamh agus, dá réir sin, chuireamar ár bpróisis Feidhmiúlacht chun Múineadh i bhfeidhm nuair ba ghá chun sláine na gairme a sheasamh.

Ina theannta sin, thugamar isteach treoracha nua agus faisnéis nuashonraithe do chláraithe agus d'fhostóirí chun tuiscint shoiléir ar na próisis seo a chinntiú.

Chuireamar tús le forálacha Alt 37 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta (2001) arna leasú, a éilíonn ar fhostóirí fógra a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta faoi dhífhostú nó éirí as múinteoirí cláraithe a bhaineann le gearáin nó gníomhartha araíonachta.

Rinneamar dul chun cinn suntasach maidir le comhoibriú gairmiúil, líonrú agus comhroinnt eolais a chur chun cinn laistigh den phobal teagaisc. Chuir tionscnaimh ar nós ceardlanna gairmiúla Cosán agus ardán T-REX (Malartú Taighde Múinteoirí) creataí agus tacaíochtaí riachtanacha ar fáil a spreagann cuimsiú agus cruthaitheacht sa teagasc agus san fhoghlaim. Léiríonn ár Scéim Sparánachta Taighde agus eagrú FÉILTE (Féile Oideachais um Fheabhas Foghlama agus Teagaisc na Comhairle Múinteoireachta) ár dtiomantas d'fhorbairt ghairmiúil agus sármhaitheas sa mhúinteoireacht a chothú.

Táimid ag díriú go láidir ar rialachas corparáideach agus ar chleachtais inbhuanaithe lena n-áirítear creataí feabhsaithe bainistíochta riosca agus rannpháirtíocht réamhghníomhach le páirtithe leasmhara. Agus muid ag breathnú ar an todhchaí, leanfaimid orainn ag tógáil ar an mbunús láidir sin.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, leis an Leasathaoirleach, le baill na Comhairle, le mo chomhghleacaithe bainistíochta, lenár bhfoireann thiomanta agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir as a dtacaíocht, a spreagadh agus a dtiomantas gan staonadh.

Bíonn tionchar as cuimse ag obair na múinteoirí ar feadh an tsaoil. Trí oideachas agus spreagadh a thabhairt don chéad ghlúin eile, cuireann siad le forbairt ceannairí, nuálaithe agus gairmithe sa todhchaí – daoine óga an lae inniu a chruthóidh ár dtír agus an domhan.

Leanfaimid orainn ag tacú le gairm na múinteoireachta in Éirinn, ag cinntiú go bhfanfaidh ár dtimpeallacht oideachais dinimiciúil, freagrúil agus tógtha ar na caighdeáin is airde feabhais.



**An Dr Lynn Ramsey**  
Stiúrthóir

# Clár ábhair

1. Cé muid féin	7
2. Tábhacht phoiblí ár gcuid oibre	10
3. Ár Spriocanna Straitéiseacha a Bhaint Amach	11
4. Rialachas Corparáideach	21
5. Clár na Múinteoirí	26
6. Ardchaighdeáin iompair agus cleachtais ghairmiúil a chinntiú	32

# Aguisíní

Aguisín 1 Ráitis Airgeadais	41
Aguisín 2 Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta	68
Aguisín 3 Coistí agus Painéil	69



# 1

## Cé muid féin

### Ár Ról

**Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta rialtóir ghairm na múinteoireachta in Éirinn. Is é an ról atá againn ná an pobal a chosaint trí chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn agus a rialú.**

Déanann muid seo trí chlárúchán reachtúil múinteoirí, ag deimhniú múinteoirí ardcháilithe, ina shásaíonn agus a sheasann a bhaill le hardchaighdeáin inniúlachta agus iompair ghairmiúla.

Gníomhaímid ar mhaithe le leas an phobail agus ag an am céanna ag caomhnú agus ag feabhsú caighdeán i ngairm na múinteoireachta.



# Comhaltas na Comhairle Múinteoireachta

Tá 37 ball ag an gComhairle agus is múinteoirí cláraithe iad 22 díobh sin agus toghann múinteoirí 16 acu. Is éard atá sa bhallraíocht:

## 11

múinteoirí bunscoile cláraithe, naonúr acu tofa ag múinteoirí cláraithe agus beirt acu ainmnithe as ceardchumann na múinteoirí

## 2

ainmnithe ag institiúidí ardoideachais sonraithe (IAOanna)

## 5

ainmnithe ag an Aire Oideachais, lena n-áirítear duine a dhéanann ionadaíocht thar ceann IBEC agus ICTU

## 2

ainmnithe ag coláistí oideachais

## 11


múinteoir iar-bhunscoile, seachtar acu tofa ag múinteoirí cláraithe agus ceathrar acu ainmnithe i gceardchumann na múinteoirí

## 4

ainmnithe ag eagraíochtaí bainistíochta scoile (dhá bhunscoil agus dhá iar-bhunscoil)

## 2

ainmnithe ag cumann náisiúnta tuismitheoirí





# Foireann Bainistíochta Sinsearaí

Le linn na bliana tuairiscithe, thacaigh feidhmeannach de 67 ball foirne leis an gComhairle Mhúinteoireachta ina cuid oibre.



**An Dr Lynn Ramsey**  
Stiúrthóir



**Phil Fox**  
Leas-Stiúrthóir



**Siobhán Healy**  
Ceann Clárúcháin



**Harry McGeary**  
Ceann Airgeadais agus TF



**Bríd Murphy**  
Ceann Oiliúna  
Tosaigh agus  
Ionduchtaithe Múinteoirí



**Finola O'Dwyer, Dlíodóir**  
Ceann na  
gCaighdeán Gairmiúla



**Ruth Flynn**  
Ceann Acmhainní  
Daonna agus  
Gnóthaí Corparáideacha




**Carmel Kearns**  
Ceannasaí Foghlama  
agus Taighde Múinteoirí

# 2

## Tábhacht phoiblí ár gcuid oibre

Áirítear ar phríomhfheidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta, ach níl siad teoranta dóibh seo a leanas:

- **Freagracht as clár múinteoirí cáilithe agus grinnfhiosrúcháin a choinneáil in Éirinn.** Cinntíonn siad sin go gcomhlíonann múinteoirí na cáilíochtaí, na caighdeáin, na hinniúlachtaí agus na riachtanais charachtair is gá le haghaidh clárúcháin.
- **Caighdeáin arda do mhúinteoirí in Éirinn a bhunú agus tacú leo.** Bunaíonn an Chomhairle caighdeáin ar fud tréimhse iomláin na gairme do mhúinteoirí lena n-áirítear treoirlínte agus cóid a bhaineann lena n-iompar gairmiúil, eolas, scil agus inniúlacht. Déanann an Chomhairle machnamh ar ghearáin agus tugann sí faoi fhiosrúcháin, nuair is cuí, maidir le feidhmiúlacht chun múineadh aon mhúinteora chláráithe.
- **Cáilíocht na gclár oideachais tosaigh múinteoirí a sholáthraíonn na hinstiúidí ardoideachais in Éirinn a chinntiú.** Áirítear leis sin próisis athbhreithnithe agus creidiúnaithe chun ardchaighdeáin Oiliúint Tosaigh Múinteoirí a choinneáil, rud a chuireann le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa tír.
- **Caighdeáin a bhunú chun treoir agus tacaíocht a thabhairt do phróisis ionduchtaithe a theastaíonn ar bhonn reachtúil agus chun foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do mhúinteoirí cláráithe.** Leagann sé sin tagarmharcanna córasacha a thacaíonn leis na céimeanna tosaigh de ghairmeacha múinteoirí agus spreagann sé foghlaim ghairmiúil leanúnach ar feadh a ngairme.
- **Taighde a choimisiúnú agus a dhéanamh, sonraí agus fianaise a úsáid chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht agus faoi fhorbairt beartais.** Soláthraíonn sé seo moltaí atá bunaithe ar fhianaise agus cuireann sé leis an bplé ar bheartais, cleachtas agus athchóirithe oideachais, d'fhonn ardchaighdeáin a chinntiú i ngairm na múinteoireachta.



# 3

## Ár nOibleagáidí Straitéiseacha a bhaint amach

Clúdaíonn an tuarascáil bhliantúil seo an tréimhse ón 28 Márta 2023 - 27 Márta 2024 agus leagtar amach inti an dul chun cinn atá déanta maidir lenár gceithre sprioc straitéiseacha a bhaint amach.






## Clárú agus Soláthar Múinteoirí

**Sprioc:** Soláthar leordhóthanach múinteoirí cláraithe agus grinnfhiosrúcháin a chinntiú chun freastal ar riachtanais aitheanta an chórais scoile, lena n-áirítear éagsúlacht, i gcomhar leis an Roinn Oideachais, leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus leis na páirtithe leasmhara go léir.




## Oiriúnacht chun Múineadh

**Sprioc:** Leanúint ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil próisis um Fheidhmiúlacht chun Múineadh cothrom, cuí, agus éifeachtach ar mhaithe leis an bpobal agus leis an ngairm.



## Pobail ghairmiúla chomhoibríocha le haghaidh inbhuanaitheachta

**Sprioc:** Creataí agus tacaíochtaí praiticiúla a chur ar fáil do phobail ghairmiúla chomhoibríocha le fócas ar leith ar chuimsiú, áthas, agus cruthaitheacht i dteagasc agus i bhfoghlaim ardchaighdeáin.



## Acmhainní corparáideacha a chur ar fáil do bhealaí inbhuanaithe oibre

**Sprioc:** Cultúr eagraíochtúil solúbtha, comhoibríoch agus nuálaíoch na Comhairle Múinteoireachta a chothabháil agus a fheabhsú, a thacaíonn le foghlaim chomhroinnte agus le freagrúlacht do riachtanais rialála agus do thosaíochtaí náisiúnta.



## Cuspóir Straitéiseach 1: Clárú agus Soláthar Múinteoirí


**Sprioc: Soláthar leordhóthanach múinteoirí cláraithe agus grinnfhiosrúcháin a chinntiú chun freastal ar riachtanais aitheanta an chórais scoile, lena n-áirítear éagsúlacht, i gcomhar leis an Roinn Oideachais, leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus leis na páirtithe leasmhara go léir.**


- Rinne an tAire Oideachais, in éineacht le Cathaoirleach agus Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta, leasú ar Rialacháin Chlárúcháin na Comhairle Múinteoireachta a fhaomhadh agus a shíniú ina dhlí i mí na Nollag 2021. Cuireann an leasú seo ar chumas múinteoirí faoi oiliúint a bhfuil an chéad dá bhliain de chlár creidiúnaithe Oideachais Tosaigh Múinteoirí fochéime (bunscoileanna agus iar-bhunscoile) curtha i gcrích acu iarratas a dhéanamh ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Is é Droichead, creatlach ionduchtúcháin ghairmiúil chomhtháite na Comhairle do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MCNanna), an t-aon bhealach ionduchtaithe do na MCNanna uile bunscoile agus iar-bhunscoile. Cuireadh céimeanna eastramhacha i bhfeidhm le linn na mblianta acadúla 20/21, 21/22 agus 22/23 le solúbthacht a chur ar fáil do na MCNanna a ndeachaigh COVID-19 i gcion orthu. Nuashonraíodh na Coinníollacha Cleachtas Ghairmiúla larcháilíochta – Socruithe Idirthréimhseacha chun na hathruithe seo a léiriú agus chun tacú le MNCanna, scoileanna agus Foirne Tacaíochta Gairmiúla.
- Tá an Chomhairle ag cur chun cinn an athbhreithnithe náisiúnta ar bheartas an Chreat Chomhtháite Ionduchtaithe Ghairmiúil Droichead, lena n-áirítear athbhreithniú ar a próisis Dearbhaithe Cáilíochta chun freastal

ar riachtanais Mhúinteoirí Nua-Cháilithe. Cuireadh tús le hAthbhreithniú Beartais Droichead i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus críochnaíodh an chéad tuarascáil eastramhach faoi Mhárta 2024.

- I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'fhorhmeas an Chomhairle Mhúinteoireachta beart sealadach freisin chun ligean do MNCanna atá fostaithe ar Phainéil Soláthair agus i bpoist Phríomh-Ama Scaoilte próiseas Droichead a chur i gcrích.
- Chríochnaigh an Chomhairle Céim 1 dá hathbhreithniú ar phróisis mheasúnaithe cáilíochta do mhúinteoirí a cháiligh lasmuigh de Phoblacht na hÉireann agus a chuir tús le Céim 2 le linn na bliana tuairiscithe.
- Lean an Chomhairle ar aghaidh freisin ag feidhmiú próiseas clárúcháin sainithe do mhúinteoirí cáilithe ón Úcráin, agus lean siad freisin dá rannpháirtíocht leis an Tionscadal Múinteoirí Imirceacha agus le Scéimeanna Múinteoirí Cuartaíochta na Roinne Oideachais.
- I mí Feabhra 2023, thug an Chomhairle rialachán um leasú sealadach isteach arís a cheadaigh do mhúinteoirí a cháiligh thar lear ionduchtú a chur i gcrích in Éirinn. Dúnadh an rialachán seo d'iarratais ar an 1 Feabhra 2024.

- I mí Aibreáin, Bealtaine, Samhain 2023 agus Eanáir, Feabhra, agus Márta 2024 thug an Chomhairle Mhúinteoireachta agus foireann Ionduchtúcháin Droichead in Oide cuairt ar dhaltaí na bliana deiridh chun iad a chur ar an eolas faoi ról, feidhmeanna agus próiseas Droichead na Comhairle Múinteoireachta. Ina theannta sin, thaifead foireann Clárúcháin na Comhairle físeán chun treoir a thabhairt do MNCanna maidir leis an bpróiseas clárúcháin mear.
- Cuireadh tús freisin le meastóireacht próisis ar chreidiúnú Timthriall 2 agus le dréachtú forbhreathnú ar fud an chórais ar Thuarascáil forléargas saigh ar chur i bhfeidhm Céim le linn na bliana tuairiscithe.
- I mí na Samhna 2021, chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta tús le creidiúnú Timthriall 2 ar 52 clár OTM bunscoile agus iar-bhunscoile thar 14 IAO, atá le bheith críochnaithe faoi Eanáir 2024 faoi chaighdeán Céim. Idir Márta 2023 agus Márta 2024, faomhadh 40 clár ag 11 IAO faoi Céim.
- Faomhadh clár nua amháin, an Diplóma Iarchéime i nGníomh Breise, Aosach agus Pobail (PDFACE) i COC.
- Fuair an Chomhairle aighneachtaí freisin do thrí chlár nua OTM le linn na bliana tuairiscithe, agus tá próisis athbhreithnithe agus creidiúnaithe á ndéanamh faoi láthair.
- Chuir Gníomh a dó dhéag de Phlean Gníomhaíochta na Roinne Oideachais maidir le Soláthar Múinteoirí (2018) de chúram ar an IAO a chinntiú go mbunófaí clár ITE iar-bhunscoile 4 bliana breise a cháilíonn múinteoirí in dhá réimse ábhair, lena n-áirítear ábhair spriocdhírthe amhail Mata, Fisic, Ceimic, Eolaíocht Ríomhaireachta, Eacnamaíocht Bhaile, agus teangacha ar nós Francis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis agus Gaeilge. Faoin dara thimthriall den chreidiúnú, rinneadh athbhreithniú ar chlár agus na hábhair seo san áireamh.
- D'fhreastail an Chomhairle ar 49 aonach gairme agus aonach earcaíochta ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann chun an mhúinteoireacht mar ghairm bheatha a chur chun cinn. D'fhreastail foireann na Comhairle Múinteoireachta ar imeachtaí a dhírigh ar mhic léinn iar-bhunscoile agus tríú leibhéal, agus ar dhaoine fásta a bhí ag iarraidh aistriú go teagasc.





## Cuspóir Straitéiseach 2: Pobail ghairmiúla chomhoibríocha le haghaidh inbhuanaitheachta

**Sprioc: Creataí agus tacaíochtaí praiticiúla a chur ar fáil do phobail ghairmiúla chomhoibríocha le fócas ar leith ar chuimsiú, áthas, agus cruthaitheacht i dteagasc agus i bhfoghlaím ardchaighdeán.**

- Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas ón tríú sraith de cheardlanna Cosán i gcomhar le ITOÉ, reáchtáladh seisiún foghlama comhroinnte do gach éascaitheoir múinteoirí go pearsanta i mí Aibreáin 2023 chun an t-aiseolas agus na torthaí a mheas agus chun tús a chur le pleanáil do ghníomhaíochtaí Cosán amach anseo. Chuimsigh an seisiún freisin cur i láthair a rinne Oide ar an tseirbhís Tacaíochta Oideachais Múinteoirí aonair nua comhtháite.
- Tháinig Grúpa Oibre Cosán le chéile ceithre huaire ó Mheitheamh go Márta, ag déanamh athbhreithnithe ar aiseolas ceardlainne agus ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme Cosán ar fud an chórais a chur chun tosaigh.
- Faoi Bhabhta 6 den Scéim Sparánachta Taighde (SST), fuarthas 56 iarratas. Bhronn an painéal athbhreithnithe ceaptha €54,000 ar 20 tionscadal, agus bhí 7 gcinn acu comhoibritheach.
- Is ardán ar líne é T-REX (Malartú Taighde Múinteoirí) chun tacú le rannpháirtíocht i agus le taighde ó mhúinteoirí agus ó thaighdeoirí oideachais eile. Tugann sé tacaíocht chun na léargais is déanaí ó thaighde ceannródaíoch a rochtain agus a roinnt. Éascaíonn sé freisin comhráite, comhpháirtíochtaí, agus naisc níos láidre idir taighde, beartas, cleachtas agus idir scoileanna agus IAOanna. Tá cómhaoiniú á dhéanamh ar an gcéim forbartha dheiridh ag an Roinn Oideachas, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Mar chomh-mhaoinitheoirí, tá ionadaíocht ag an gComhairle ar Choiste Maoinitheoirí T-REX, a tháinig le chéile faoi dhó le linn na bliana tuairiscithe agus a bhfuil ionadaíocht aige freisin ar Choiste Stiúrtha T-REX.
- Ag deireadh na bliana tuairiscithe, forbraíodh straitéis taighde na Comhairle agus tugadh treoir trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad bhabhta den Scéim Taighdeoirí Cónaithe, i gcomhar le hOllscoil Oxford, agus cuireadh tuilleadh eolais ar fáil trí chleachtadh scanadh tírdhreacha i mí na Samhna 2023. An straitéis, a sholáthróidh cur chuige straitéiseach maidir le taighde mar rialtóir, agus a bheidh ag teacht leis an bPlean Straitéiseach 2022 -2027.
- Dhá ríomhiris taighde a eisíodh le linn na bliana tuairiscithe, inar leagadh béim ar ríomhleabhair ó bhailiúchán ríomhleabhar na Comhairle agus ar na hacmhainní leathnaithe ar an Leabharlann Ar Líne; ar féidir le gach múinteoir cláraithe rochtain a fháil orthu saor in aisce.
- Chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta chun tairisceana agus cheap siad soláthróir do leabharlann ar líne a chuireann áiseanna breise ar fáil.

- Bhí FÉILTE 2023 ar siúl ar an Satharn, 7 Deireadh Fómhair, i scoileanna sóisearacha agus sinsearacha an Teaghlaigh Naofa, Portlaoise, Co. Laois, le 410 freastalaí. Pléadh an téama ‘Cruthaitheach i nGníomh’ trí phlé painéil, 16 cheardlann, 38 cás taispeántais, 9 gcur i láthair Gasta, imeacht MNC, agus Mol tiomnaithe Cruthaitheachta Laoise le nuálaíocht áitiúla a chur i láthair.
- Chuir An Chomhairle agus an Roinn Oideachais tús le taighde fadama ar thaithí múinteoirí nua cháilithe in Éirinn sa lá atá ann inniu. *Turais Ghairmiúla an Mhúinteora: Déanfaidh an Chéad Deich mBliana* iniúchadh ar eispéiris luathghairme múinteoirí de réir mar a chríochnaíonn siad Oiliúint Tosaigh Múinteoirí agus de réir mar a bheidh siad bunaithe sa ghairm. Mairfidh an staidéar go dtí 2030 agus áireofar ann céimithe bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais ó na ranganna 2019, 2022, 2025, agus 2026 chomh maith le páirtithe leasmhara eile. Tar éis próiseas tairisceana iomaíoch, cheap an Chomhairle cuibhreannas a chuimsigh Ollscoil Luimnigh (OL), an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES), agus Coláiste Mhuire gan Smál (MIC). Síníodh conarthaí agus cuireadh tús le hobair ar dhréachtú an athbhreithnithe litríochta don staidéar atá le bheith críochnaithe.





## Cuspóir Straitéiseach 3: Oiriúnacht chun Múineadh

**Sprioc:** Leanúint ar aghaidh lena chinntiú go bhfuil próisis um Fheidhmiúlacht chun Múineadh cothrom, cuí, agus éifeachtach ar mhaithe leis an bpobal agus leis an ngairm.

- Faoi fheidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh (Cuid 5 d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta 2001, arna leasú) is féidir leis an gComhairle imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a dhéantar i leith múinteoirí cláraithe maidir le hábhair thromchúiseacha. Nuair a dhéantar gearán, cuirfidh an Chomhairle tús le himscrúdú agus cinnfidh siad ar cheart déileáil leis trí nósanna imeachta foirmiúla araíonachta na Comhairle, lena bhféadfaí fiosrúchán um Fheidhmiúlacht chun Múineadh a áireamh.
- Más rud é, tar éis fiosrúchán um Fheidhmiúlacht chun Múineadh, go gcruthaítear na líomhaintí i gcoinne múinteora, féadfaidh an Painéal Fiosrúcháin cinneadh a dhéanamh comhairle, rabhadh nó cáineadh a thabhairt don mhúinteoir i scríbhinn, coinníollacha um Fheidhmiúlacht chun Múineadh a fhorchur ar chlárú an mhúinteora, nó an múinteoir a chur ar fionraí nó a bhaint de Chlár na Múinteoirí. Is féidir fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Múineadh a thabhairt chun críche gan aon chinneadh i gcoinne an mhúinteora chláraithe. Sa chás go gcuirtear múinteoir ar fionraí nó go mbaintear den Chlár iad, níl siad i dteideal tuarastal atá maoinithe ag an Stát a fháil.
- Molann an Chomhairle gur chóir gach gearán a thabhairt chuig scoil an mhúinteora ar dtús sula dtabharfar os comhair na Comhairle iad. Sa chás, áfach, go bhfuil leanbh nó duine soghonta i mbaol, ba cheart é sin a chur in iúl don Gharda Síochána agus do Tusla - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus ina dhiaidh sin ar aird na Comhairle Múinteoireachta.
- Ar an 11 Bealtaine 2023, shínigh an tAire Oideachais na Rialacháin um Chomhairle Mhúinteoireachta (Faisnéis atá le tabhairt ag fostóir i gcás dífhostú nó éirí as múinteoir cláraithe) 2023, ar a dtugtar Fógraí Alt 37 freisin. Ón 11 Bealtaine 2023, ní mór d'fhostóirí an Chomhairle Mhúinteoireachta a chur ar an eolas nuair a dhífhostaítear múinteoir nó nuair a éiríonn siad as oifig tar éis gearán nó próiseas araíonachta ag leibhéal na scoile. Ní mór do fhostóirí tabhairt faoi deara gur féidir leo gearán a dhéanamh chuig an gComhairle Mhúinteoireachta ag am ar bith, má bhíonn imní orthu faoi oiriúnacht múinteora chun múineadh, fiú má fhanann an múinteoir i bhfostaíocht.
- I gcomhréir le cuspóir straitéiseach na Comhairle chun a chinntiú go bhfuil faisnéis don phobal agus do mhúinteoirí scríofa i mBéarla simplí agus go bhfuil sé éasca a thuiscint, tá an Fhoireann um Chaighdeáin Ghairmiúla ag céim chun cinn maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar leabhráin faisnéise 'Feidhmiúlacht chun Múineadh' agus treoir ghinearálta ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Le linn na bliana tuairiscithe, thug an Chomhairle isteach freisin *'Treoir do chláraithe – cad ba chóir a bheith ag súil leis agus tú ag freastal ar fiosrúchán um Fheidhmiúlacht chun Múineadh'*. Cabhraíonn sé seo le cláraitheoirí roimh Éisteacht chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a ritheann gnáthlá fiosrúcháin.
- Tá athbhreithniú gníomhach á dhéanamh ag an gComhairle ar Nósanna Imeachta an Choiste Imscrúdaithe agus ar nósanna imeachta fiosrúcháin, mar iarracht próisis um Fheidhmiúlacht chun Múineadh a chuíchóiriú tuilleadh. Táthar ag súil go dtabharfaidh toradh an athbhreithnithe seo éifeachtúlachtaí breise isteach sa phróiseas do na páirtithe leasmhara go léir atá i gceist.





## Cuspóir Straitéiseach 4: Acmhainní corparáideacha a chur ar fáil do bhealaí inbhuanaithe oibre

**Sprioc: Cultúr eagraíochtúil solúbtha, comhoibríoch agus nuálaíoch na Comhairle Múinteoireachta a chothabháil agus a fheabhsú, a thacaíonn le foghlaim chomhroinnte agus le freagrúlacht do riachtanais rialála agus do thosaíochtaí náisiúnta.**

- Mar chuid dár straitéis rannpháirtíochta chun an ghairm a chur chun cinn agus tuiscint ar obair na Comhairle a mhéadú, glacann an Chomhairle páirt i bhfor-rochtain réamhghníomhach ar na meáin agus freagraíonn siad ceisteanna ó na meáin.
- Éilíonn an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit go mbeidh comhlachtaí poiblí neamhthrachtála faoi réir Athbhreithnithe Criticiúil Tréimhse (ACT) tráth nach déanaí ná gach cúig bliana. Ag teacht leis an gCód, thug an Roinn Oideachais faoi ACT maidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
- Bhreithnigh an t-athbhreithniú ar cé chomh maith agus atá an Chomhairle Mhúinteoireachta ag comhlíonadh a sainordaithe reachtúil agus ábharthacht an chreata reachtaigh do nádúr athraitheach na hoibre. Rinne sé athbhreithniú freisin ar an gcaoi a bhféadfadh athruithe i dtimpeallacht sheachtrach na Comhairle Múinteoireachta dul i bhfeidhm ar fheidhmíocht. Rinne sé measúnú ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht a struchtúir rialachais, ceannaireachta agus eagraíochtúla, agus ar a fheidhmíocht agus a sheachadadh eagraíochtúil. Is féidir teacht ar an tuarascáil iomlán ar shuíomh gréasáin na Roinne.
- Le linn na bliana thug an Fhoireann Bhainistíochta faoi athbhreithniú iomlán ar chreatlach reachtach na Comhairle. Dhírigh an t-athbhreithniú go príomha ar Chuid 3 agus 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta. Cuireadh tuairimí maidir le héifeachtacht na reachtaíochta i láthair don Chomhairle sular cuireadh faoi bhráid na Roinne iad lena mbreithniú. Cuireadh gach tuairim ar fáil don fhoireann Athbhreithnithe Criticiúil Thréimhsiúil mar chuid dá bpróiseas.
- Choimisiúnaigh an Chomhairle an Institiúid Riaracháin Phoiblí (IRP) chun athbhreithniú seachtrach éifeachtúlachta a dhéanamh ar a Comhairle rialaithe. Is riachtanas de Chód Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) iad athbhreithnithe éifeachtacha seachtracha. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid na Comhairle i mí an Mhárta 2024. Bunófar plean gníomh a mbeidh achair ama um fheidhmiú leis in 2024 le riar ar na moltaí ón athbhreithniú seo.

- Bhunaigh an Chomhairle grúpa oibre um Chód Cleachtais i mí an Mheithimh 2023 chun athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an gCód Cleachtais agus chun leasuithe a mholadh nuair is cuí, agus chun aghaidh a thabhairt ar shoiléirithe nó ar neamhréireachtaí nach mór a réiteach sa doiciméad reatha. Cuireadh moltaí an ghrúpa faoi bhráid na Comhairle lena gceadú i mí Dheireadh Fómhair 2023.
- Chríochnaigh an Chomhairle athbhreithniú cuimsitheach ar Dhearadh Eagraíochtúil agus plean fórsa saothair chun tacú leis an dearadh eagraíochtúil athbhreithnithe agus d'fhaomh an Chomhairle é i R1 2024. Cinnteoidh an plean athbhreithnithe agus lucht saothair seo go mbeidh na hacmhainní, an tallann, na scileanna agus an cumas ag an gComhairle Mhúinteoireachta i struchtúr barrmhaith chun a príomhchuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Tar éis don Chomhairle cead a thabhairt, cuireadh iarratas ar smachtbhanna do phoist bhreise faoi bhráid na Roinne Oideachais lena bhreithniú.



# 4

## Rialachas Corparáideach



## Oibleagáid Tuairiscithe Acht na dTeangacha Oifigiúla

Tacaíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta leis an nGaeilge agus cuireann sí chun cinn í agus is é an sprioc atá aici a chinntiú go bhfanfaidh sí ina cuid bheo bhríomhar de shochaí na hÉireann. Ag leanúint ó thosach feidhme Alt 4B d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 ar an 5 Bealtaine 2023, ní mór do chomhlachtaí poiblí ball foirne sinsearach a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta, agus ceapadh an Leas-Stiúrthóir Phil Fox sa ról sin i rith na bliana atá faoi athbhreithniú.

Cinntíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil a suíomh gréasáin, tairseach chlárúcháin, príomhfhoilseacháin, cóid chleachtais agus an chumarsáid ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Is í an Ghaeilge an phríomhtheanga d'fhéiniúlacht bhranda, do chomharthaíocht agus d'ábhair chlóite na Comhairle. Tá gach comhfhreagras oifigiúil, post ar na meáin shóisialta agus meáin eile ar fáil sa dá theanga. Cuireann an Chomhairle seirbhísí dátheangacha do chustaiméirí ar fáil, tacaíonn sí le hoiliúint foirne i nGaeilge, agus cinntíonn sí go bhfuil ar a laghad 20% dá fógraíocht i nGaeilge. Tá sé mar aidhm go mbeidh 20% den fhoireann inniúil sa Ghaeilge faoi 2030. Tá cur chun cinn na Gaeilge comhtháite i bPlean Straitéiseach 2022-2027 na Comhairle Mhúinteoireachta, agus tugtar tús áite d'inniúlachtaí Gaeilge i gcláir Oideachais

Tosaigh Múinteoirí (OTM). Téimid i gcomhairle agus i gcomhar leis an gCoimisinéir Teanga maidir le cur chun cinn na Gaeilge.

## Airgeadas

Ba é caiteachas na Comhairle Mhúinteoireachta sa bhliain airgeadais 2023 ná €9.67 milliún, méadú €1.11 milliún i gcomparáid le 2022. Spreag costais foirne níos airde é seo mar aon le caiteachas méadaithe dlí, taighde agus cothabhála. B'ioncam na Comhairle (lena n-áirítear infheistíocht agus glanioncam cíosa lúide cáin) agus €9.63 milliún, méadú €2.53 milliún thar 2022. Bhí an méadú inchurtha go príomha i leith aisghabháil luach sócmhainní airgeadais mar gheall ar dhálaí láidre sa mhargadh infheistíochta. Ina theannta sin, tháinig méadú ar ioncam clárúcháin de réir an fháis ar líon na múinteoirí ar an gclár.

Mar gheall ar ghlan-eis-sreabhadh airgid de €361,000 sa bhliain, in éineacht le heasnamh réamh-mheasta do 2024, beidh ar an gComhairle cuid dá sócmhainní airgeadais a leachtú go luath amach anseo chun a dliteanais a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite. Samhlaíodh an cás seo mar chuid de phleanáil airgeadais iomlán na Comhairle.



## Cosaint Sonraí

Tá sainordú ag an gComhairle Oifigeach Cosaint Sonraí (OCS) ainmnithe a bheith aici. Tá sé seo mar gheall ar a oibleagáidí dlíthiúla mar rialtóir ghairm na múinteoireachta, agus an méid sonraí pearsanta a phróiseáiltear. Sonraíonn an CCS go sonrach freisin nach mór na hacmhainní cuí a chur ar fáil don OCS seo a chiallaíonn am, áiseanna agus comhpháirtíocht ó gach rannóg ar ábhair chosaint sonraí. Ciallaíonn aon saincheist a chuireann bac ar an OCS a ról a chur i gcrích riosca méadaithe don eagraíocht, dá páirtithe leasmhara agus an fhéidearthacht le haghaidh damáiste clú.

Tá ról éagsúil ag an OCS agus cuimsíonn sé gach gné den eagraíocht. Ceann de phríomhdhualgais OCS is ea iarratais ar chearta a chomhlíonadh agus sárúithe ar shonraí pearsanta a bhainistiú.

Sa bhliain tuairiscithe fuair an Chomhairle an líon iarratas seo a leanas:

- Iarratais Rochtana ar Ábhar Sonraí: 1
- Iarratais ar Cheartúchán: 0
- Iarratais ar scriosadh: 0
- Idirghníomhaíochtaí leis an CCS – gearáin, obair leantach agus ceisteanna: 3

Agus líon na sárúithe ar shonraí pearsanta:

- Tuairiscithe don CCS: 0

Tosaíocht shuntasach a bhí ann i mbliana ná athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar Thaifid Ghníomhaíochta Próiseála (TGP) na Comhairle. Is doiciméad cuimsitheach é seo a mhapálann na sonraí pearsanta laistigh den Chomhairle agus a cosán tríd an eagraíocht. Baineann an t-athbhreithniú le gach roinn agus roinnt daoine aonair laistigh de gach

roinn. Tá roinnt blianta caite ó rinneadh é sin go domhain agus tá roinnt próiseas athraithe san am sin. Tá sé seo ar siúl faoi láthair agus críochnófar é i R4 de 2024.

Trí nuashonrú TGP a chur i gcrích beimid in ann tuiscint níos fearr a fháil ar na sonraí pearsanta atá i seilbh na Comhairle agus cuirfear leis an Sceideal Coinneála atá le tabhairt chun críche in 2024. Sonróidh sé sin an tréimhse choinneála chaighdeánach do na sonraí pearsanta go léir atá i seilbh na Comhairle agus déanfaidh sé doiciméadú ar na gníomhaíochtaí agus na próisis atá i bhfeidhm/a bheidh i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis an sceideal.

Ceanglaítear ar gach eagraíocht oiliúint agus feasacht a chur ar fáil i réimse na Cosanta Sonraí. Ceanglaítear ar gach fostaí tabhairt faoi mhodúl ríomhfhoghlama ar Chosaint Sonraí mar chuid dá n-ionductú agus go bliantúil ina dhiaidh sin.

## Saoráil Faisnéise

Tá an Chomhairle faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, agus an Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2014. Fuair an Chomhairle 13 iarratas um Shaoráil Faisnéise (SF) idir Márta 2023 agus deireadh mhí an Mhárta 2024. Foilsítear sonraí na n-iarratas neamhphearsanta go léir go ráithiúil ar an suíomh gréasáin.

## Cothromaíocht inscne i mballraíocht na Comhairle

Amhail an 25 Márta 2023, bhí 52% ball baineann agus 48% fireann ag an gComhairle, agus a raibh post amháin folamh acu.

Dá bhrí sin, comhlíonann an Chomhairle a hoibleagáid faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

## Toghcháin na Comhairle Múinteoireachta 2024

Cuireadh tús le hullmhúcháin do thoghcháin 2024 i mí Feabhra 2023 le hathbhreithniú dlíthiúil ar Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Baill a Thoghadh) 2019. Ag cruinniú mhí an Mhárta 2023 den Chomhairle lorgaíodh agus deonaíodh formheas don athbhreithniú ar leithdháileadh múinteoirí cláraithe ar chatagóirí agus ar thoghcheantair. Cheap an Chomhairle an tUasal Brendan O’Dea mar cheann comhairimh Toghchán 2024 ag a cruinniú ar an 6 Márta 2023.

## An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tá beartas agus creat bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta a ndéantar athbhreithniú go rialta air. Tacaíonn an doiciméad sin le sainaitheint, measúnú, monatóireacht, bainistíocht agus athbhreithniú leanúnach ar rioscaí agus forbraíodh é ag tagairt don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016 agus treoir foilsithe eile maidir le bainistíocht riosca san earnáil phoiblí.

Tháinig Coiste Iniúcháireachta agus Riosca na Comhairle le chéile naoi n-uair idir Márta 2023 – Márta 2024 agus thuairiscigh siad don Chomhairle ag gach cruinniú.

Tá Cód Iompair inmheánach ag an gComhairle do Bhaill na Comhairle agus don fhoireann bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:



Ionracas



Faisnéis



Oibleagáidí



Dílseacht



Cothrom na Féinne



Obair agus timpeallacht sheachtrach



Freagracht



Athbheithniú

## Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 — Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas)

Tá an Chomhairle tiomanta deireadh a chur le hidirdhealú, cearta an duine a chosaint agus comhionannas a chur chun cinn i measc ár bhfoirne agus úsáideoirí á seirbhíse. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag an gComhairle chun a chinntiú go ndéantar breithniú ar chearta an duine agus ar chomhionannas i bhforbairt beartas, nósanna imeachta agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Tá Cód Iompair inmheánach ag an gComhairle do Bhaill na Comhairle agus na Foirne. Cruthaíonn an cód sin, chomh maith le gach reachtaíocht ábhartha lena n-áirítear an tAcht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015 agus na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018 cultúr na Comhairle Múinteoireachta.

Comhlíonann an Chomhairle Mhúinteoireachta a Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine de réir threoir ón gCoimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas in Éirinn.

Tá Oifigeach Rochtana ar fáil chun cúnaimh agus treoir a sholáthar nó a shocrú do dhaoine faoi mhíchumas a bhfuil rochtain acu ar ár seirbhísí. Foilsítear sonraí teagmhála an Oifigh Rochtana ar ár suíomh gréasáin.

## Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001

Tá sé d'oibleagáid ar bhaill foirne na Comhairle agus ar bhaill foirne a bhfuil poist ainmnithe acu forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 a chomhlíonadh, agus Ráiteas Leasanna a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí i gcás ina bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ann ar a bhfeidhmíocht ar ábhair na Comhairle.

## Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí

Tá an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí i bhfeidhm agus foilsithe ar ár suíomh gréasáin. Léiríonn an chairt sin ár dtiomantas d'ardchaighdeáin seirbhíse a chur ar fáil i gcomhréir le tionscnaimh Ráithiúla Seirbhíse do Chustaiméirí arna gceadú ag an Rialtas.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sí cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá beartais i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta a thugann roghanna don fhoireann maidir le freastal ar a riachtanais ghairme agus phearsanta, amhail deiseanna leanúnacha forbartha pearsanta, saoire staidéir, uaireanta oibre laghdaithe agus sosanna gairme. Tá Beartas Bulaíochta agus Ciaptha agus Dínite ag an Obair i bhfeidhm agus tá sé curtha in iúl don fhoireann ar fad.




## Bainistíocht Riosca

Tá beartas cuimsitheach bainistíochta riosca ag an gComhairle Mhúinteoireachta a dhéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Chomhairle athbhreithniú agus faomhadh bliantúil air. Tá an Chomhairle freagrach ar deireadh thiar as riosca laistigh den eagraíocht agus déantar athbhreithniú ar an ráiteas inghlacthachta riosca in éineacht leis an mbeartas bainistíochta riosca.

Déantar athbhreithniú ráithiúil ar an gclár Riosca ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus cuireadh faoi bhráid na Comhairle é uair amháin i rith na bliana tuairiscithe. Ag gach cruinniú den Chomhairle, áfach, leagtar béim ar na príomhrioscaí trí thuarascáil an Stiúrthóra agus pléann an Chomhairle iad.

Riosca a Chatagóiriú de réir Rangú



■ Rioscaí Dearga ■ Rioscaí Ómra ■ Rioscaí Glasa

## Soláthar

Tá próiseas cuí Soláthair Phoiblí ag an gComhairle Mhúinteoireachta, a chomhlíonann na tairseacha luacha reatha chun rialacha AE agus náisiúnta a chur i bhfeidhm. Is nós imeachta caighdeánach é tairiscint iomaíoch sa phróiseas soláthair sin. Tá gach próiseas soláthair ag cloí go hiomlán le soláthar inbhuanaithe.

Plean Soláthair na Comhairle 2023-2026, a athbhreithníodh agus a mhol an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le haghaidh a fhaomhadh in 2023 agus a d’fhaomh an Chomhairle i R1 2024. Is é aidhm an phlean seo a chinntiú go gcuirtear gach nós imeachta soláthair sa Chomhairle Mhúinteoireachta i gcrích de réir na dTreoirínte um Sholáthar Poiblí d’Earraí agus do Sheirbhísí. Déantar anailís sa phlean ar chleachtas soláthair agus ar chaiteachas na Comhairle agus leagtar amach spriocanna maidir le luach ar airgead a bhaint amach trí úsáid a bhaint as modhanna dea-chleachtas don soláthar poiblí.

Bhainistigh an fhoireann soláthair 15 ghníomhaíocht soláthair don Chomhairle i rith na bliana.

# 5

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta freagrach as baill de ghairm na múinteoireachta a chlárú. Is éard atá i gceist leis seo ná Clár na Múinteoirí a bhunú agus a chothabháil, na caighdeáin a leagan síos maidir le hiontráil ar an gClár, agus measúnú a dhéanamh ar iarratais ar iontráil ar an gClár.

## Clár na Múinteoirí



Bealach Clárúcháin	
Bealach 1: Bunscoil	55,417
Bealach 2: Iar-bhunscoil	50,066
Bealach 3: Breisoideachas	18,574
Bealach 4: Eile	1,980
Bealach 5: Múinteoir faoi Oiliúint	3,569
<b>Iomlán: 122,743</b>	

\*Tabhair faoi deara: Féadfar múinteoirí a chlárú faoi níos mó ná bealach amháin. Tá na figiúirí thuas ceart amhail an 27 Márta 2024

An Clárú	
Líon iomlán na gcláraitheoirí nua	Iontráladh 7,755 cláraí nua ar an gClár, i mbliain na tuarascála.
Líon iomlán na gcéimithe nua	Chríochnaigh/nuashonraigh 3,792, céimí nua a gclárúchán trí phróiseas clárúcháin mear Múinteoir Nua Cháilithe (MNC) na Comhairle le linn thréimhse an tsamhraidh.
Líon na múinteoirí faoi oiliúint	Le linn na bliana tuairiscithe, cláraíodh 2,351 múinteoir faoi oiliúint faoi Bhealach 5.
Céatadán na múinteoirí fireanna agus baineanna ar an gClár	Mar a tharla sna blianta roimhe seo, agus ag teacht le gairm na múinteoireachta i dtíortha eile, is mná iad thart ar 76% de mhúinteoirí cláraithe agus is fir iad 24% díobh.
Líon na múinteoirí a ndeachaigh a gclárú i léig/a baineadh den Chlár	Chuaigh 3,241 múinteoir i léig/baineadh den Chlár iad.
As na múinteoirí a chuaigh i léig/a baineadh	<ul style="list-style-type: none"> <li>• 330 mar gheall ar neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha, um aghaidh a thabhairt, ar fhill 5 díobh ar an gClár.</li> <li>• 1,742 mar gheall ar neamhíocaíocht na táille athnuachana, agus d'fhill 59 díobh sin ar an gClár ina dhiaidh sin.</li> <li>• 880 maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas chun ath-ghrinnfhiosrúchán a chur i gcrích.</li> <li>• 417 duine ar iarradh iad a bhaint go deonach.</li> <li>• 49 duine éagtha.</li> <li>• 3 a baineadh faoi Alt 44.</li> </ul>

## Athnuachan clárúcháin

Rinne 113,211 múinteoir a gclárú a athnuachan agus roghnaigh thart ar 99.46% an rogha íocaíochta ar líne.

## Clárú le Coinníollacha

Rinne 1,607 múinteoir iarratas ar shíneadh ama chun a riocht clárúcháin a chomhlíonadh. As seo:

- Deonaíodh 1,347 iarratas ar shíneadh
- Diúltaíodh do 35 iarratas ar shíneadh
- Bhí 225 iarratas ar shíneadh á mbreithniú tráth an tuairiscithe

## Painéal Clárúcháin

Breithníonn an Painéal Clárúcháin iarratais a chuirtear isteach ó mhúinteoirí ar shíneadh ama chun aghaidh a thabhairt ar na coinníollacha a bhaineann lena gclárú, de réir Nósanna Imeachta Measúnaithe Iarratas Síneadh na Comhairle.

Tháinig an Painéal le chéile 12 uair agus bhreithnigh siad 292 iarratas ar shíneadh ama. Bhreithnigh an fhoireann feidhmiúcháin 1,111 cás eile agus cuireadh faoi bhráid an Phainéil iad lena ndaingniú.

## Próiseas Fíoraithe Mháistreach Ghairmiúil san Oideachas

Cuireann an Chomhairle seirbhís fíoraithe ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint atá ag tabhairt faoi Mháistreach Ghairmiúil san Oideachas (MGO) san iar-bhunscoil lena chinntiú go gcomhlíonann a gcáilíochtaí fochéime riachtanais chlárúcháin na Comhairle.

Cé go gcinneann Institiúidí Ardoideachais incháilitheachta le haghaidh iontrála MGO, deimhníonn seirbhís fíoraithe na Comhairle incháilitheacht ábhair ar leith le haghaidh clárúcháin, rud a chuireann dlús leis an bpróiseas samhraidh do Mhúinteoirí Nua-cháilithe (MNC).

In 2023, bhain 82% de mhúinteoirí faoi oiliúint MGO a chuir tús lena gclár dhá bhliain leas as an bpróiseas saor in aisce seo.

## Droichead

Bhí 6,873 múinteoir san iomlán páirteach i bpróiseas Droichead thar dhá bhliain acadúla, 2022/2023 agus 2023/2024.

Ghlac 4,035 MNC thar 1,900 scoil páirt i bpróiseas Droichead le linn na bliana acadúla 2022/2023. Díobh seo. Díobh seo:

- Chríochnaigh 1,581 MNC an próiseas roimh an mbliain tuairiscithe.

## Tábla: Forbhreathnú ar Droichead ar an 28 Márta 2023

Cineál Scoile	MNCanna	Scoileanna
Bunscoil	2,273	1,296
Iar-bhunscoil	1,762	604
<b>Iomlán:</b>	<b>4,035</b>	<b>1,900</b>

Sa bhliain acadúil 2023/2024, chuir 4,494 MNC tús leis an bpróiseas i 1,948 scoil ar fud na tíre.

## Tábla: Forbhreathnú ar Droichead ar an 27 Márta 2024

Cineál Scoile	MNCanna	Scoileanna
Bunscoil	2,416	1,316
Iar-bhunscoil	2,083	632
<b>Iomlán:</b>	<b>4,499</b>	<b>1,948</b>

Bhí an fás feiceálach sna hearnálacha iar-bhunscoile agus bunscoile araon sa bhliain acadúil 2023/2024. Ghlac 321 MNC iar-bhunscoile breise páirt sa phróiseas i 28 scoil bhreise, agus ghlac 143 MNC bunscoile breise páirt sa phróiseas i 20 scoil bhreise.

## Athbhreithniú ar Bheartais Droichead

Sa bhliain acadúil 2020/2021, ba é Droichead an t-aon bhealach ionductaithe do gach MNC bunscoile agus iar-bhunscoile. Thosaigh Athbhreithniú Polasaí Droichead i nDeireadh Fómhair 2023. Críochnaíodh roinnt céimeanna le linn na bliana tuairiscithe:

- Dréachtaíodh Treoirínte Eiticiúla agus rinneadh Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí.
- Rinneadh cleachtadh scanadh tírdhreacha ar shaincheistean eanála.
- Rinneadh suirbhé ar MNCanna tar éis Cruinnithe Braisle 1 agus 2 a thabhairt chun críche chun aiseolas a bhailiú ar chruinnithe ar líne seachas cruinnithe duine le duine.
- Cuireadh agallamh ar phríomhpháirtithe leasmhara a raibh baint acu le Droichead.

## Bearta Sealadacha Droichead

I mí Dheireadh Fómhair 2023, d'fhaomh an Chomhairle Mhúinteoireachta beart chun tacú le coinneáil MNC agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin soláthair múinteoirí. Ligeann an beart do MNCanna bunscoile atá fostaithe ar Phainéil Soláthair agus ar Phoist Ama Scaoilte Príomhoide próiseas Droichead a chur i gcrích le linn na scoilbhliana 2023/2024 agus 2024/2025.

## Grinnfhiosrúchán

Riarann an Chomhairle grinnfhiosrúchán múinteoirí chun críocha clárúcháin tosaigh, athnuachana clárúcháin agus fostaíochta. Le linn na bliana tuairiscithe, rinneadh grinnfhiosrúchán ar 48,145 múinteoir; 10,044 chun críocha clárúcháin nó fostaíochta tosaigh agus 38,101 mar chuid de bheartas ath-ghrinnfhiosrúcháin na Comhairle maidir le grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar mhúinteoirí gach trí bliana.

Breithníonn Painéal Fianaise Carachtair (PFC) na Comhairle nochtadh grinnfhiosrúcháin agus measúnú á dhéanamh ar oiriúnacht duine aonair mar ‘dhuine oiriúnach agus cuí’ le haghaidh clárúcháin nó chun a gclárúchán a athnuachan (beartas ath-ghrinnfhiosrúcháin).

Tháinig an PFC le chéile 13 huaire, agus bhreithnigh siad 61 nochtadh grinnfhiosrúcháin, 1 aighneacht amháin maidir le riachtanas ath-ghrinnfhiosrúcháin múinteora, agus 364 cás a chuir an fhoireann feidhmiúcháin faoina mbráid lena ndaingniú. Cuireadh nuashonruithe ar fáil freisin a bhain le 14 mhúinteoir a bhí faofa roimhe seo lena gclárú ag an PFC.

## An Coiste Clárúcháin agus an Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin

Tháinig an Coiste Clárúcháin agus an Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin le chéile ar 9 n-ócáid le linn na tréimhse seo. Bhreithnigh an Grúpa Athbhreithnithe Clárúcháin 17 gcás.

## Athbhreithniú ar Mheasúnú Cáilíochtaí

Sa bhliain tuairiscithe, faomhadh 660 iarratas ar mheasúnuithe cáilíochta le haghaidh clárúcháin. Astu sin, ba príomhiarratais iad 289 faoi Bhealach 1, rinneadh 16 iarratas faoi Bhealach 4 (Eile) agus ba iarratais iar-bhunscoile iad 355 faoi Bhealach 2.

Féadfaidh múinteoirí cláraithe iarratas a dhéanamh chun ábhar/ábhair bhreise a chur lena gclárú. Sa bhliain tuairiscithe, faomhadh 146 iarratas chun ábhar/ábhair bhreise a chur isteach.

Rinneadh athbhreithniú ar na próisis mheasúnaithe cáilíochtaí le linn na bliana tuairiscithe chun seirbhís d'iarratasóirí a fheabhsú agus caighdeán á gcoimeád ag an am céanna. Tugadh tuarascáil eatramhach Chéim 1 chun críche i mí Lúnasa 2023.

## Achoimre ar thorthaí ó Athbhreithniú DC Chéim 1

- Ceanglais áirithe doiciméad a bhaint
- Feabhsú an turas úsáideora lena n-áirítear cur i bhfeidhm próiseas leantach trí chéim
- Uirlisí agus bogearraí próiseála nua a chur i bhfeidhm
- Amlínte próiseála laghdaithe



## Príomhéachtaí

# Céim 1 den Athbhreithniú DC Feabhra - Iúil 2023

I gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022, tá an meán-am próiseála d'iarratais iar-bhunscoile **laghdaithe ó**

## 11 sheachtain go 8 seachtain

D'fhan an meán-am próiseála d'iarratais Bunscoile comhsheasmhach ag 3-4 seachtaine.



I gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022, tugadh **8%** d'iarratais bhreise chun críche lena gclárú, **méadú**

## ó 414 go 447 iarratas

Tabharfar tuarascáil Chéim 2 chun críche sa chéad bhliain tuairiscithe eile.

## Scrúdú i Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann

Ní mór d'iarratasóirí iar-bhunscoile múinteoirí a chríochnaigh a gcuid oideachais lasmuigh de Phoblacht na hÉireann eolas ar chóras oideachais na hÉireann a léiriú trí scrúdú ar líne a dhéanamh i Stair agus Struchtúr Chóras Oideachais na hÉireann (S&S). Reáchtáiltear an scrúdú seo trí huair sa bhliain, agus leagtar amach na dátaí agus na hiarrthóirí don tréimhse tuairiscithe thíos:

### Dáta an Scrúdaithe Líon na nIarrthóirí

8 Aibreán 2023	54
8 Iúil 2023	51
11 Samhain 2023	115

## Úcráin

I mí Aibreáin 2022, bhunaigh an Chomhairle Mhúinteoireachta próiseas clárúcháin saincheaptha do mhúinteoirí cáilithe ón Úcráin faoi threoirínthe Threoir an AE um Chosaint Shealadach. Tá an próiseas seo ar aon dul le Reachtaíocht an AE um Aitheantas Frithpháirteach agus le treoirínthe an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cáilíochtaí na ndaoine atá ag teitheadh ó chogadh na hÚcráine a aithint. Amhail an 27 Márta 2024, faomhadh 210 iarratas: 16 don bhunscoil, 192 don iar-bhunscoil, agus 2 faoi Bhealach 4 (Eile).

## Rialachán Leasaithe COVID-19 2023

Le linn 2020 agus 2021, chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta bearta éagsúla i bhfeidhm chun tacú le scoileanna i measc COVID-19, lena n-áirítear Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú)(Leasú) 2021 (IR Uimh. 266 de 2021). Thug an rialachán seo deis do mhúinteoirí a cháiligh thar lear ionduchtú a dhéanamh in Éirinn ar bhonn sealadach. Mar fhreagra ar dhúshláin leanúnacha sláinte in 2023, thug an Chomhairle an rialachán seo isteach arís, ag glacadh le hiarratais faoi ón 22 Feabhra 2023 go dtí an 1 Feabhra 2024.

Iomlán na nIarratas a fuarthas	289
Clárú Coinníollach deonaithe	153 (87 Bunscoil) (66 Iar-bhunscoil)
Neamh-incháilithe lena n-áirítear:	91
<ul style="list-style-type: none"> <li>Measúnaithe agus measta lasmuigh den raon feidhme</li> <li>Curtha ar ceal mar gheall ar easpa doiciméad incháilitheachta caighdeánach</li> <li>Aip chaighdeánach DC (a bhí cláraithe go hiomlán i ndlínse eile)</li> </ul>	
Ar siúl (céimeanna deiridh)	45

# 6

## Ardchaighdeáin iompair agus cleachtais ghairmiúil a chinntiú

Faigheann agus fiosraíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta gearáin maidir le múinteoirí cláraithe, rud a d'fhéadfadh fiosrúchán a dhéanamh faoi oiriúnacht an mhúinteora chun múineadh sa deireadh thiar.





## Imscrúdú ar ghearáin maidir le Feidhmiúlacht chun Múineadh

Is coiste scagthástála é an Coiste Imscrúdaithe a dhéanann breithniú agus imscrúdú ar ghearáin a fhaightear faoi mhúinteoirí cláraithe.

# 85

**Gearán os comhair an Choiste Imscrúdaithe le linn na bliana tuairiscithe 28 Márta 2023 - 27 Márta 2024**

# 58

**Gearáin nua a fuarthas le linn na bliana tuairiscithe**

## Dul chun cinn 58 gearán a fuarthas le linn na bliana tuairiscithe

Diúltaithe ag Stiúrthóir, measadh iad a bheith fánach, cráiteach, nó déanta go mímhacántacht


Tarchurtha chuig an gCoiste Imscrúdaithe lena bhreithniú ar dtús

Diúltaithe ag an gCoiste Imscrúdaithe (Nósanna imeachta scoile ar siúl/ní Feidhmiúlacht chun Múineadh)

Faisnéis atá á lorg ag an gCoiste Imscrúdaithe sula gcinnfidh siad breithniú a dhéanamh


Imscrúduithe leanúnacha

Tarchurtha chuig an gCoiste Araíonachta le haghaidh fiosrúcháin



## Miondealú ar na gearáin a fuarthas le linn na bliana tuairiscithe, de réir bealaigh clárúcháin

### Gearáin trí Bhealach Clárúcháin



\*Clárúitheoirí a bhfuil cáilíocht mhúinteoireachta san oideachas speisialta a bheith faighte acu lasmuigh den Stát nó a cláraíodh roimhe seo leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Rialachán a Trí nó Bealach 4.

## Gearáin curtha ar aghaidh chuig Fiosrúchán



Deich ngearán curtha ar aghaidh chuig fiosrúchán le linn na bliana tuairiscithe.


### Foinse 58 gearán

Tuismitheoirí	39
An Chomhairle Mhúinteoireachta tríd an gCoiste Feidhmiúcháin, tar éis don Chomhairle an gearán a chur in iúl trí na meáin, trí Fhógraí Alt 37 nó ar shlí eile.	13
Múinteoir / comhghleacaí / gairmí eile	3
Ball den phobal/tríú páirtí (ní tuismitheoir ná mac léinn)	2
Príomhoide	1



## Alt 37 Fógraí Fostóra

Le linn na bliana tuairiscithe, fuarthas, **6** fhógra ó fhostóirí faoi Rialacháin 2023 - IR Uimh. 230 de 2023



### Catagóir an Ghearáin

### Líon na nGearán

Iompar/iompraíocht <i>Lena n-áirítear mí-úsáid chorpartha/ionsaí, ó bhéal, teagmháil ghnéasach/dlúthchaidreamh le mac léinn, caidreamh pearsanta míchuí le mac léinn (neamhghnéasach), cumarsáid mhíchuí (de chineál gnéasach agus neamhghnéasach), bulaíocht, iompar idirdhealaitheach agus úsáid mhíchuí na meán sóisialta.</i>	45
Inniúlacht/feidhmíocht/cleachtas	6
Imní maidir le folláine mhíochaine	0
Ciontuithe coiriúla	2
Mímhacántacht/ionracas gairmiúil	7
Sárú ar an gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí	54
Gearáin maidir le sainriachtanais oideachais	15

\*Tabhair faoi deara: Is féidir níos mó ná catagóir amháin gearán a cheangal le gearán aonair

## An Coiste Feidhmiúcháin

Tá feidhmeanna tarmlichte ag an gCoiste Feidhmiúcháin ón gComhairle maidir le gearáin a dhéanamh nó iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar orduithe eatramhacha fionraíochta i ndáil le múinteoirí cláraithe.

Le linn na bliana tuairiscithe, chinn an Coiste seo go ndéanfadh an Chomhairle trí ghearán déag faoi Alt 42(1) den Acht.

Chinn an Coiste Feidhmiúcháin freisin, faoi Alt 47 den Acht, gur cheart don Chomhairle iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar mhaithe le leas an phobail, ar Ordú chun clárú 3 mhúinteoirí cláraithe a fhionraí, ar feadh tréimhse sonraithe le linn na bliana tuairiscithe.

## Iarratais ar fhionraí arna mbreithniú ag an gCoiste Feidhmiúcháin le linn na bliana tuairiscithe

### Cúig iarratas alt 47 arna mbreithniú


Ar ócáid <b>amháin</b> , cinneadh gan iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt.	Ar ócáid <b>amháin</b> , aontaíodh ar shrian a chuir le cleachtas leis an gCoiste Feidhmiúcháin.	Ar <b>dhá</b> ócáid, tugadh Ordaithe fionraíochta ag an Ard-Chúirt.	Tá an Chomhairle ag fanacht ar chinneadh ón Ard-Chúirt maidir le hiarratas <b>amháin</b> .
--	--	---	--

## Feidhmiúlacht chun Múineadh

Chuimsigh ábhar na ngearán a cuireadh faoi bhráid an fhiosrúcháin bhí:

- Cásanna ciontaithe lena n-áirítear cionta gnéis agus gadaíocht/calaois
- Mí-iompar gairmiúil lena n-áirítear iompar calaoiseach agus mímhacánta, e.g., doiciméid bhréagacha agus chalaoiseacha a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta agus/nó fostóirí
- Drochfheidhmíocht ghairmiúil
- Imní maidir le folláine mhíochaine
- Mí-iompar gnéasach/caidreamh míchuí le mic léinn
- Ceisteanna maidir le sainriachtanais oideachais.

## Formáid agus torthaí Fiosrúcháin um Fheidhmiúlacht chun Múineadh 2023/2024



\*Tagraíonn Fiosrúchán amháin do bheirt mhúinteoirí

\*\*Fiosrúchán a réachtáladh go poiblí, rinneadh anaithnidiú ar gach páirtí

Rabhadh a thabhairt - casaid daingean a thabhairt

Cáineadh - fíor-mhíshástacht a léiriú

## Staitisticí Fiosrúcháin 2023/2024

Le linn na bliana tuairiscithe 2023/2024	Líon.
<i>Fiosrúcháin ag an gcéim phleanála/ar feitheamh críochnaithe ag tús na bliana tuairiscithe</i>	15
Gearáin nua curtha ar aghaidh lena bhfiosrúchán	10
Réamhéisteachtaí a tionóladh	8
Fiosrúcháin a rinneadh - éisteadh 7 ina n-iomláine / 2 dhíbhe ag céim na réamhéisteachta	9
Líon na gcinntí smachtbhanna arna ndeimhniú ag an Ard-Chúirt (baineadh na trí cinn den chlár)	3
Líon na bhfoláirimh iar-fhiosrúcháin an AE a ardaíodh	3
Líon na bhfoilseachán ar an suíomh gréasáin (torthaí agus smachtbhannaí tar éis an Fiosrúcháin)	4

## Fógraí do Bhallstáit an AE

Tá dualgas ar an gComhairle Mhúinteoireachta fógra a thabhairt do gach Ballstát eile den AE, áit a bhfuil cosc nó srian ar chleachtas múinteora chláráithe. Eisíodh foláirimh maidir le triúr múinteoirí cláráithe, a baineadh den Chlár.

Ceanglaítear ar an gComhairle freisin foláirimh AE a eisiúint, i gcás ina gceadaíonn an Ard-Chúirt fionraí eatramhach múinteora, de bhun Alt 47 d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta. Ardaíodh dhá fholáireamh sna cúinsí seo le linn na bliana tuairiscithe. Foláireamh AE a eisíodh i gcás áirithe eile nuair a d'aontaigh múinteoir le srian a chur lena gcleachtadh de réir iarratais ón gCoiste Feidhmiúcháin.



# Aguisíní

Aguisín 1 Ráitis Airgeadais	41
Aguisín 2 Comhaltaí na Comhairle Múinteoireachta	68
Aguisín 3 Coistí agus Painéil	69
Aguisín 4 Costais Chruinnithe	75



## Aguisín 1: Ráitis Airgeadais

### Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

#### Eolas faoin gComhairle

##### Ballraíocht na Comhairle go dtí an 3 Aibreán 2024

Michelle Keane	Cathaoirleach
Ann Mulcahy	Leaschathaoirleach

##### Ballraíocht reatha na Comhairle

Eamon Dennehy	Cathaoirleach
Mary Curley	Leaschathaoirleach

##### Ballraíocht na Comhairle go dtí an 3 Aibreán 2024

Jean Beswick Duignan	Jean Beswick Duignan
Kathleen Burke	Desmond Cogan
Gráinne Conachy	Gráinne Conachy
Noel Cronin	Noel Cronin
Catherine Cross (ceaptha amhail an 12 Nollaig 2023)	Catherine Cross
Mary Curley	Niamh Dennehy
Michael Delargey	Liam Doran
Eamon Dennehy	David Fagan
Niamh Dennehy	Declan Fahie

##### Ballraíocht na Comhairle go dtí an 3 Aibreán 2024

Catherine Doolan	Adrian Guinan
Niall Duddy	Adrienne Healy
Declan Fahie	Aileen Horkan
Mai Fanning (éirithe as a cúraimí ar an 12 Nollaig 2023)	Niamh Hourigan
Niamh Hourigan	Máire Kenefick
Anne Howard	Patrick Knightly
Rosena Jordan	Anne Loughnane
Gerry Leydon	Áine Lynch
Anne Loughnane	Mary Magner
Áine Lynch	Fergal McCarthy
Mary Magner	Joseph McKeown
Peter McCabe	Paul Moroney
Fergal McCarthy	Catherine Moynihan
Paul Moroney	Marcella Nic Niallaigh
Catherine Moynihan	Claire Ní Mharcaigh
Teresa O'Doherty	Ursula O'Connor
Ciaran James O'Donnell	Hazel O'Connor-McWey
Seán Ó Dubhlaing	Teresa O'Doherty
Séamus Ó Fearraigh	Séamus Ó Fearraigh
Seán Ó hArgáin	Clodagh O'Hara

**Ballraíocht na Comhairle go dtí  
an 3 Aibreán 2024**

Liam Ó Néill

Seán O'Neill

Bryan O'Reilly

David O'Sullivan

Eamonn Shaughnessy

Tracie Tobin

**Ballraíocht reatha na Comhairle**

Seán Ó hArgáin

Liam Ó Néill

Bryan O'Reilly

David O'Sullivan

**Iniúcháirí**

Cuideachta Neamhtheoranta  
Crowleys DFK Cuntasóirí Cairte  
agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil  
16/17 Faiche an Choláiste  
Baile Átha Cliath 2

**Baincéirí**

Banc na hÉireann  
An Phíomhshráid  
Maigh Nuad  
Co. Chill Dara

**Seoladh Gnó**

Bloc A  
Campas Gnó Mhaigh Nuad  
Maigh Nuad  
Co. Chill Dara

**Dlíodóirí**

Fieldfisher Ireland LLP  
45 Bóthar Mespil  
Baile Atha Cliath 4

# Clár an Ábhair

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle	44
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	49
Tuarascáil an Iniúchána Neamhspleách	51
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	54
Clár Comhardaithe	56
Ráiteas Sreabhaidh Airgid	57
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	58

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle

### Rialachas

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001. Tá feidhmeanna na Comhairle leagtha amach in alt 7 den Acht seo. Tá an Chomhairle freagrach don Aire Oideachais agus tá siad freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann siad an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Is iad an Stiúrthóir agus an Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach atá freagrach as rialú bainistíochta laethúil, agus as stiúradh na Comhairle Múinteoireachta. Ní mór don Stiúrthóir agus don Fhoireann Bainistíochta Shinsearach an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an gComhairle a leanúint agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag baill uile na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an eagraíocht, agus ar aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar idirchaidreamh díreach idir an Chomhairle agus bainistíocht na Comhairle Múinteoireachta.

### Freagrachtaí na Comhairle

Tá dualgais agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach ina Cód Cleachtais ina bhfuil na hábhair atá forchoimeáda go sonrach do chinneadh na Comhairle. I measc na mbuanmhíreanna a bhreithnigh an Chomhairle tá:

#### Dearbhú leasanna

- Miontuairiscí na gcruinnithe roimhe seo a cheadú
- Tuarascáil an Stiúrthóra
- Tuarascálacha a fháil agus a bhreithniú ó choistí agus cinntí a dhéanamh, nuair is cuí
- Cúrsaí forchoimeáda

Éilíonn Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 ar an gComhairle na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar airgead a fhaightear agus a chaitear agus maoin, sócmhainní agus dliteanais uile na Comhairle a choinneáil.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ní mór don Chomhairle:

Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach

- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú
- Luaigh cibé acu ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a mhínítear sna ráitis airgeadais

Tá an Chomhairle freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag am ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001. Is í an Chomhairle atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.

Tá an Chomhairle freagrach as an mbuiséad bliantúil a cheadú.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Chomhairle go dtugann ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta léargas cóir agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Comhairle Múinteoireachta ar an 31 Nollaig 2023.

## Struchtúr na Comhairle

Tá 37 ball deonach sa Chomhairle Mhúinteoireachta, mar seo a leanas:

- Aon mhúinteoir déag bunscoile (naonúr acu tofa agus beirt ainmnithe ag ceardchumann na múinteoirí)
- Aon mhúinteoir déag iar-bhunscoile (seachtar acu tofa agus ceathrar ainmnithe ag ceardchumann na múinteoirí)
- Beirt ainmnithe ag coláistí oideachais
- Beirt ainmnithe ag forais tríú leibhéal

- Ceathrar ainmnithe ag eagraíochtaí bainistíochta scoile (dhá bhunscoil agus dhá iar-bhunscoil)
- Beirt ainmnithe ag cumainn náisiúnta tuismitheoirí (bunscoil amháin agus iar-bhunscoil amháin) agus
- Cúigear ainmnithe ag an Aire Oideachais (lena n-áirítear ionadaí amháin ó IBEC agus ó ICTU)

Ceaptar comhaltaí na Comhairle le haghaidh téarma ceithre bliana. Féach faisnéis ón gComhairle ag tús na ráiteas airgeadais le haghaidh sonraí faoin gComhairle reatha.

Tá na Coistí agus na Painéil seo a leanas bunaithe ag an gComhairle:

- An Coiste Feidhmiúcháin: éascaíonn sé feidhmiú éifeachtúil agus éifeachtach na Comhairle trí ghnó na Comhairle a sheoladh idir chruinnithe na Comhairle
- An Coiste Imscrúdaithe: Is féidir le duine ar bith iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdaithe le haghaidh fiosrúcháin maidir le hoiriúnacht múinteora

- Coiste Smachta: Seolfaidh painéal den Choiste Araíonachta éisteacht ar ghearán a tharchuirfidh an Coiste Imscrúdaithe chuige
- An Coiste Clárúcháin: Tugann sé comhairle don Chomhairle agus déanann moltaí i ngach réimse a bhaineann le clárú múinteoirí
- An Coiste Oideachais: Tá siad freagrach as moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le beartas a bhaineann le contanam oideachas múinteoirí

## Nochtadh a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as comhlíonadh cheanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”) a chinntiú. Tá na nochtadh seo a leanas ag teastáil de réir an Chóid:

### Costais Chomhairliúcháin

Áirítear i gcostais chomhairleachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don lucht bainistíochta agus ní áirítear iontu feidhmeanna seachfhoinsithe “gnó mar is gnách”.

	2023	2022
	€	€
Comhairle dlí	82,650	135,426
Riarachán pinsin	19,911	15,929
Cosaint Sonraí	3,661	14,177
Rialú inmheánach agus iniúchadh inmheánach	8,610	21,587
Cumarsáid	30,899	24,247
TFC	45,252	63,557
Acmhainní Daonna	2,902	35,466
Rialachas Corparáideach	32,412	–
Athbhreithniú Eagraíochta & Pleanáil Lucht Saothair	59,409	–
Soláthar	3,155	2,337
	<b>288,861</b>	<b>312,726</b>

**Costais Dlíthiúla Eile**

	<b>2023</b>	<b>2022</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Costais Dlíthiúla – Clárú	298,708	108,168
Costais Dlí – Caighdeáin Ghairmiúla	890,664	822,267
	<b>1,189,372</b>	<b>930,435</b>

**Caiteachas Taistil & Cothabhála**

	<b>2023</b>	<b>2022</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
<b>Intíre</b>	–	–
Comhaltaí na Comhairle	170,123	161,096
Foireann	42,317	32,065
<b>Idirnáisiúnta</b>	–	–
Comhaltaí na Comhairle	5,076	6,775
Foireann	9,310	3,758
	<b>226,826</b>	<b>203,694</b>

**Caiteachas Fáilteachais**

	<b>2023</b>	<b>2022</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>
Leas na Forine	1,681	2,250

## Ráiteas Comhlíonta

Ghlac an Chomhairle leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm acu chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Bhí an Chomhairle ag comhlíonadh den chuid is mó leis an gCód do 2023 cé is moite de roinnt mionghnéithe de na ceanglais um Sheirbhís do Chustaiméirí a dtabharfar aghaidh orthu in 2024.

## Forbairtí Amach Anseo

Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint dá gníomhaíochtaí reatha.

## Taifid Chuntasaíochta

Tá an Chomhairle freagrach faoi Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád a léiríonn staid airgeadais na heagraíochta le cruinneas réasúnta tráth ar bith. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a ghlacadh chun cosc a chur ar bhrath neamhrialtachtaí calaoise agus eile. Coinnítear taifid chuntasaíochta na Comhairle Múinteoireachta ar Champas Gnó Mhá Nuad, Maigh Nuad, Co. Cill Dara.

## Iniúcháirí

Tá sé curtha in iúl ag na hiniúcháirí, Crowley DFK Unlimited Company (Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla) go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh in oifig.

## Gnóthas Leantach

Tá buiséid agus sreafaí airgid ullmhaithe ag comhaltaí na comhairle le haghaidh tréimhse de dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta faofa na ráiteas airgeadais ina léirítear nach bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ag baint le cumas na heagraíochta a dliteanas reatha a íoc nuair a bhíonn siad dlite, agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn seo, measann comhaltaí na comhairle gur cuí é na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear sna ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha agus rangú na sócmhainní agus na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith i gceist sa chás nach mbeadh an eagraíocht in ann leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

## Teagmhais Iar-Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon imeachtaí tar éis dheireadh na bliana a mbeadh tionchar acu ar nó a d'éileodh nochtadh sna ráitis airgeadais nó sna nótaí a ghabhann leo.

## Ráiteas maidir le Faisnéis Iniúchta Ábhartha

Níl aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha ann nach bhfuil na hiniúcháirí reachtúla ar an eolas faoi. Tá gach beart glactha ag baill na comhairle chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha agus tá sé cruthaithe acu go bhfuil na hiniúcháirí reachtúla ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Thar ceann na Comhairle



**Eamon Dennehy**  
**Cathaoirleach**

Dáta: 1 Iúil 2024

**Lynn Ramsey**  
**Stiúrthóir**



## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Raon Feidhme Freagrachta

Thar ceann bhail na Comhairle Múinteoireachta admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus ag feidhmiú.

### Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadh i gceart agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le Treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Chomhairle Mhúinteoireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

### Cumas Riosca a Láimhseáil

I rith 2023, bhí Coiste Iniúchta agus Riosca ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar a raibh cúigear ball den Chomhairle agus comhalta seachtrach neamhspleách amháin. Tháinig an Coiste le chéile ocht n-uaire in 2023.

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta a feidhm iniúchóireachta inmheánaigh a sheachfhoinisú a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici agus déanann sí clár oibre a comhaontaíodh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá Beartas Bainistíochta Riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ina leagtar amach a mhian riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina bhfuil mionsonraí faoi róil agus faoi fhreagrachtaí na foirne i dtaca le riosca.

### Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta a shainiú agus a thuairiscíonn príomhriosca agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir chun iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an gComhairle Mhúinteoireachta agus tá siad seo aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas:

- Tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá córas cuimsitheach pleanála agus buiséadach i bhfeidhm agus déantar athbhreithniú ar threochtaí caiteachais ar bhonn míosúil
- I measc na nósanna imeachta atá bunaithe chun déileáil le himpleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó tá treoracha airgeadais agus nótaí faoi nósanna imeachta, cleachtais tarmligin amhail teorainneacha údaraithe atá faofa ag an gComhairle agus deighilt dualgas idir próiseáil agus faomhadh íocaíochtaí
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní fisiceacha agus sláine na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chosaint

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta normálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnamh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Chomhairle, i gcás inarb ábhartha ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Táthar tar éis príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht adhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú
- Tá socruithe tuairiscithe curtha i bhfeidhm ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta agus
- Tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an lucht bainistíochta sinsearaí ar fheidhmíocht mhíosúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina dtugtar léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséad

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirínte reatha soláthair agus gur chomhlíon an Chomhairle Mhúinteoireachta na nósanna imeachta sin le linn 2023.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar an obair atá á déanamh ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar an obair, agus an fhoireann bainistíochta shinsearach laistigh den Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus cothabháil a dhéanamh air.

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2023.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha

Níor sainaithníodh aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach i ndáil le 2023 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann na Comhairle



**Eamon Dennehy**  
**Cathaoirleach**

Dáta: 1 Iúil 2024

## Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do Bhaill na Comhairle den Chomhairle Mhúinteoireachta

### Tuarascáil maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

#### Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 ina gcuimsítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus na nótaí gaolmhara a bhaineann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha atá leagtha amach i nóta 1. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú ná Dlí na hÉireann agus FRS 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann”.

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíorcheart a thabhairt ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an chomhlachais amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a bharrachas don bhliain dar chríoch an tráth sin;
- ullmhaithe i gceart de réir FRS 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann”; agus

- ullmhaithe i gceart de réir cheanglais Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001.

#### Bunús na tuairime

Reáchtálar ar n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (Éire) (ISAnna (Éire)) agus dlí infheidhme. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin i bhfreagrachtaí an Iniúchóra maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar rannán na ráiteas airgeadais dár dtuarascáil. Táimid neamhspleách ar an gcomhairle de réir riachtanais eiticíúla a bhaineann lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus tá ár bhfreagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn de réir na gceanglas sin. Creidimid gur leor an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn agus gur cuí sin chun bonn a chur ar fáil dár dtuairim.

#### Conclúidí maidir le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid go bhfuil sé oiriúnach do bhaill na comhairle úsáid a bhaint as bunús na cuntasaíochta gnóthas leantach in ullmhú na ráiteas airgeadais.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor shainaithin muid aon neamhchinnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d’fhéadfadh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, amhras suntasach a chur ar chumas na comhairle leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón uair a údaráítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí bhaill na comhairle maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

#### Faisnéis Eile

Tá baill na comhairle freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis atá sa tuarascáil bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus Tuarascáil ár nIniúchóra in leith. Ní chléadaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál conclúid dearbhaithe ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é ár bhfreagracht an fhaisnéis eile a léamh, agus é sin á dhéanamh againn, a mheas cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas atá againn a fuarthas san iniúchadh, nó an bhfuil an chuma air go bhfuil sé á míshonrú go hábhartha ar shlí eile. Má aithnímid neamhréireachtaí ábhartha den sórt sin nó míráitis ábhartha dealraitheacha, ceanglaítear orainn a chinneadh an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha ar an

